An Coimisinéir Teanga



Forbhreathnú ar Thorthaí 2025

Alt 10A.

(Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí)

Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021

OIFIG AN CHOIMISINÉARA TEANGA

Deireadh Fómhair 2026

CLÁR ÁBHAIR

1. ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN 4
2. AN PRÓISEAS MONATÓIREACHTA GÉILLIÚLACHTA 6
3. TREOCHTAÍ AGUS LÉARGAIS 9
4. CEISTEANNA BREISE 16


PRÍOMHTHÁTAIL 2025

Méadú ó €13.7m go €14.4m ar chaiteachas ar fhógraíocht i nGaeilge leis na meáin Bhéarla



Caitheadh €20.7m san iomlán ar fhógraíocht i nGaeilge in 2025






€6.3m san iomlán caite ar Na Meáin Ghaeilge in 2025, méadú €1m ó 2024



Méadú €1.7m ar chaiteachas iomlán ar fhógraíocht Ghaeilge in 2025 i gcomparáid le 2024



PRÍOMHTHORTHAÍ DO 2025

401

Cuimsíonn an tuarascáil iniúchta seo aighneachtaí ó 401 comhlacht poiblí forordaithe maidir lena ngníomhaíochtaí fógraíochta don bhliain 2025.

Ó thaobh na hearnála de, shroich fógraíocht i nGaeilge ag 401 comhlacht poiblí iniúchta san iomlán in 2025 na tairseacha reachtúla atá leagtha amach in alt 10A.

98%

Baineann an tuarascáil le breis agus 98% de chaiteachas iomlán na gcomhlachtaí poiblí atá forordaithe faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla maidir le fógraíocht in 2025.

21.1%

Chaith comhlachtaí poiblí €20.7m ar Fhógraíocht Ghaeilge arb ionann é agus leibhéal comhlíontachta de 21.1%, méadú ar 20% in 2024.

9.5%

Is ionann an €20.7m a caitheadh ar fhógraíocht Ghaeilge ar fud na meán go léir agus méadú 9.5% ar an tsuim iomlán de €19m a caitheadh do 2024.

€6.3m

Chaith comhlachtaí poiblí €6.3m ar fhógraíocht Ghaeilge ar na meáin Ghaeilge in 2025, arb ionann é agus leibhéal comhlíonta 6.4% den tairseach reachtúil 5% faoi seach.

21%

Is ionann an €6.3m a chaith comhlachtaí poiblí ar na meáin Ghaeilge in 2025 agus méadú 21% ar chaiteachas agus figiúr 2024 de €5.2m.

+€0.7m

As an €20.7m san iomlán a caitheadh ar fhógraíocht Ghaeilge ar na meáin go léir, caitheadh €14.4m ar an bhfógraíocht Ghaeilge ar na meáin Bhéarla in 2025, méadú €0.7m, nó 5.1%, ó 2024.

€97.98m

Chaith na comhlachtaí poiblí a thagann faoi raon feidhme na tuarascála seo €97.98m ar fhógraíocht in 2025.

Cinntíonn seiceálacha géilliúlachta ar chomhlachtaí poiblí aonair go gcomhlíonfaidh gach comhlacht poiblí na dualgais a leagtar amach in alt 10A.

1. ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Comhthéacs

Tá sé mar aidhm ag Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, arna leasú in 2021, cearta teanga phobal na Gaeilge a neartú trí sholáthar seirbhísí poiblí na Gaeilge a fheabhsú. Leagann an reachtaíocht sin béim ar thiomantas an stáit d'úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa saol poiblí, go háirithe sna hidirghníomhaíochtaí laethúla atá ag pobal na Gaeilge le comhlachtaí poiblí.

Chomh maith le cur le soláthar díreach seirbhísí poiblí i nGaeilge, tá sé mar aidhm ag an reachtaíocht um chearta teanga úsáid na Gaeilge a mhéadú sa réimse poiblí i gcoitinne. Is foráil reachtaíochta shuntasach é Alt 10A. (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) chun na críche sin. Is gné thábhachtach de na meáin go léir í an fhógraíocht, ag múnlú ár smaointe agus ár ndearcadh trí chainéil ar nós teilifíse, raidió, na meáin shóisialta, agus nuachtáin. Is foinse luachmhar eolais agus siamsaíochta í fógraíocht, ag saibhriú eispéiris éagsúla ár saoil laethúil. Is féidir leis an infheictheacht mhéadaithe teanga sin cur go mór le cur chun cinn leanúnach na Gaeilge, ag tacú lena beocht agus ag spreagadh úsáid níos minice sa saol laethúil.

An Tuarascáil seo

Leagann an tuarascáil seo béim ar phríomhthorthaí an iniúchta a rinne Oifig an Choimisinéara Teanga (OCT) maidir leis an gcaoi ar chloígh 401 comhlacht poiblí le hAlt 10A. don bhliain 2025. Léiríonn na torthaí do 2025 méadú suntasach ar fhógraíocht Ghaeilge i gcomparáid le 2024 agus 2023, rud a léiríonn tiomantas d'oidhreacht agus caomhnú na teanga. Chuimsigh an t-iniúchadh níos mó ná 98% den fhógraíocht go léir a rinne comhlachtaí poiblí in Éirinn don bhliain 2025 nuair a dhéantar cros-seiceáil le Nielsen Ad Intel.

An Dualgas Reachtúil

Cuireann Alt 10A. (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, arna leasú, dualgas reachtúil ar chomhlachtaí poiblí sciar suntasach dá bhfógraíocht a dhéanamh i nGaeilge.

Forordaítear le halt 10A. go gcaithfidh comhlachtaí poiblí a chinntiú:

- gur i nGaeilge a bheidh 20 faoin gcéad ar a laghad d'aon fhógraíocht arna déanamh ag an gcomhlacht in aon bhliain, agus
- go ndéanfar 5 faoin gcéad ar a laghad d'aon airgead a chaithfidh an comhlacht ar fhógraíocht in aon bhliain a úsáid chun fógraíocht a chur amach i nGaeilge trí na meáin Ghaeilge.

Tagann níos mó ná 500 comhlacht poiblí faoi raon feidhme Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, arna leasú.

Príomhthorthaí do 2025

- Cuimsíonn an tuarascáil iniúchta seo aighneachtaí ó 401 comhlacht poiblí forordaithe maidir lena ngníomhaíochtaí fógraíochta don bhliain 2025.
- Cuimsíonn an tuarascáil níos mó ná 98% den chaiteachas iomlán ag comhlachtaí poiblí forordaithe faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla maidir le fógraíocht in 2025. Rinneadh cros-seiceáil ar shonraí caiteachais le sonraí tuairiscithe Nielsen Ad Intel.
- Ó thaobh na hearnála de, shroich fógraíocht i nGaeilge ag 401 comhlacht poiblí iniúchta san iomlán in 2025 na tairseacha reachtúla atá leagtha amach in alt 10A. Ceanglaítear leis an reachtaíocht teanga ar chomhlachtaí poiblí 20% ar a laghad den fhógraíocht ar fad a dhéanamh i nGaeilge agus 5% ar a laghad dá mbuiséad fógraíochta bliantúil a chaitheamh ar na meáin Ghaeilge.
- Chaith comhlachtaí poiblí €20.7m san iomlán ar fhógraíocht Ghaeilge ar na meáin go léir (lena n-áirítear an €6.3m ar na meáin Ghaeilge) in 2025. Is ionann an figiúr €20.7m sin agus leibhéal comhlíonta de 21.1% faoi seach den tairseach reachtúil 20%. Léiríonn an 21% méadú ó 20% in 2024 agus méadú suntasach ón bhfigiúr 15% do 2023.
- Is ionann an €20.7m a caitheadh ar fhógraíocht Ghaeilge ar fud na meán go léir agus méadú 9.5% ar an tsuim iomlán de €19m a caitheadh in 2024.
- Chaith comhlachtaí poiblí €6.3m ar fhógraíocht Ghaeilge ar na meáin Ghaeilge in 2025, arb ionann é agus leibhéal comhlíonta 6.4% don tairseach reachtúil 5% faoi seach.
- Is ionann an €6.3m a chaith comhlachtaí poiblí ar na meáin Ghaeilge in 2025 agus méadú 21% ar chaiteachas agus figiúr 2024 de €5.2m.
- As an €20.7m iomlán a caitheadh ar fhógraíocht Ghaeilge ar gach meán, caitheadh €14.4m ar fhógraíocht Ghaeilge ar na meáin Bhéarla in 2025, arb ionann é agus méadú €0.7m, nó 5.1% ó 2024.
- Chaith na comhlachtaí poiblí a thagann faoi scóip na tuarascála seo €97.98m san iomlán ar fhógraíocht in 2025.
- Cinntíonn seiceálacha géilliúlachta ar chomhlachtaí poiblí aonair go gcomhlíonfaidh gach comhlacht poiblí na dualgais a leagtar amach in alt 10A.

2. AN PRÓISEAS MONATÓIREACHTA GÉILLIÚLACHTA

An Mórphictiúr

Tá níos mó ná 500 comhlacht poiblí forordaithe faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, arna leasú. Coimeádann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta (RFTPG) sceideal na gcomhlachtaí forordaithe, atá faoi athbhreithniú faoi láthair. Is próiseas leanúnach, fadtéarmach é monatóireacht a dhéanamh ar chomhlachtaí poiblí forordaithe a ídíonn acmhainní suntasacha. I measc na gcomhlachtaí poiblí forordaithe tá eagraíochtaí móra a sholáthraíonn seirbhísí poiblí fairsinge, mar shampla ranna rialtais, údaráis áitiúla, agus institiúidí oideachais. Úsáideann go leor comhlachtaí poiblí fógraíocht chun an pobal a chur ar an eolas faoi na seirbhísí is gá dóibh a sholáthar thar ceann an stáit. Tá punann tráchtála suntasach ag cohórt níos lú comhlachtaí poiblí, mar thoradh ar na seirbhísí náisiúnta fóntais nó airgeadais a sholáthraíonn siad don phobal. Mar thoradh air sin, tá an caiteachas comhréireach is airde ag na comhlachtaí poiblí sin ar fhógraíocht chun an pobal a chur ar an eolas agus a mhealladh chuig a gcuid seirbhísí. Is cuma cé acu an mbíonn comhlacht poiblí forordaithe i mbun fógraíochta nó nach mbíonn, tá dualgas reachtúil orthu aighneacht a chur isteach.

Samhail Tomhais Comhlíonta

Is éard atá sna meáin agus sna critéir tomhais a leagtar amach i dTábla 1 thíos an tsamhail tomhais géilliúlachta a chuir OCT i bhfeidhm d'alt 10A. Forbraíodh an tsamhail seo tar éis comhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara éagsúla na hearnála, lena n-áirítear comhlachtaí poiblí agus eagraíochtaí ionadaíocha fógraíochta. Dá bhrí sin, tá an tsamhail tomhais comhlíonta deartha chun oibriú in éineacht le cleachtais reatha na gcomhlachtaí poiblí agus na hearnála fógraíochta. In 2024, rinneamar leasuithe cúramacha ar an tsamhail chun an próiseas tomhais comhlíonta a neartú, agus ar an gcaoi sin tacú le comhlachtaí poiblí sonraí comhlíonta a bhailiú go héifeachtach i gcomhréir lena gcleachtais eagraíochtúla.

In 2025, rinneamar athchóiriú suntasach ar an uirlis chomhlíonta a bheidh le húsáid ón 1 Eanáir 2026. Léireoidh an córas nua ualaithe sin meascán d'infheictheacht fógraí agus caiteachas fógraíochta níos fearr. Tá na réimsí sonracha ina raibh deacrachtaí ag comhlachtaí poiblí méadrachtaí a thiomsú – lucht éisteachta raidió agus lucht léite na meán clóite – curtha ar ceal anois go hiomlán chun ionchuir simplí a chur ar fáil don dá mheán. Táimid ag tnúth le monatóireacht a dhéanamh ar shonraí na bliana seo (2026) chun tuairisc a thabhairt ar an bhfómhar seo chugainn. D'úsáid comhlachtaí poiblí Tábla 1 thíos chun méadrachtaí 2025 a chur i dtoll a chéile.

Tábla 1

Tomhas 20%	Tomhas	Cur síos
Meáin	**Sainmhíniú**	**Sonraí**
Fís ar éileamh (FAE)	Rothlú cóipe 1 in 5 NÓ % líon iomlán na rianta	Is ionann rian agus taispeáint ar bith a dhéanann fograín/meán digiteach de chineál ar bith ar scáileán úsáideora
Fógraíocht Lasmuigh (FL)	% de líon iomlán na suíomhanna lasmuigh	% de líon iomlán na suíomh póstaer in áirithe don fheachtas
Fuaim	Rothlú cóipe 1 in 5 NÓ % líon iomlán na rianta	Fuaim Dhigiteach de réir % líon iomlán na rianta leathanaigh
Clóite – preas/iris	Rothlú cóipe 1 in 5 NÓ % den chúrsaíocht (I gcás nach bhfuil ABC ar fáil)	Rianaíonn Audit Bureau Circulation díolachán na dteideal mór.
Na meáin shóisialta	Rothlú cóipe 1 in 5 NÓ % líon iomlán na rianta	Is ionann rian agus taispeáint ar bith a dhéanann fograín/meán digiteach de chineál ar bith ar scáileán úsáideora

Tomhas 20%	Tomhas	Cur síos
Meáin	**Sainmhíniú**	**Sonraí**
Pictiúrlann	Rothlú cóipe 1 in 5 NÓ % de líon iomlán na gceadanna isteach	% de líon iomlán na gceadanna isteach nó na gcuairteanna chuig an bpictiúrlann
Raidió	Rothlú cóipe1 as 5 NÓ % den lucht éisteachta iomlán	% de mheán iomlán an lucht éisteachta (an líon éisteoiri a éisteann le stáisiún raidió ar leith)
Taispeántais Dhigiteacha	Rothlú cóipe1 as 5 NÓ % líon iomlán na rianta	Is ionann rian agus taispeáint ar bith a dhéanann fograín/meán digiteach de chineál ar bith ar scáileán úsáideora
Teilifís	Rothlú cóipe 1 as 5 NÓ % de líon iomlán na bPointí Rátála Teilifíse	Pointí Rátála Teilifíse (Nielsen Ad Intel)

Ceanglaíodh ar chomhlachtaí poiblí faisnéis a sholáthar faoina gcaiteachas, na meáin a úsáidtear, agus feachtais fógraíochta sonracha a rinneadh i rith 2025. Chuir an fhaisnéis sin ar chumas OCT comparáid a dhéanamh idir gníomhaíochtaí fógraíochta na gcomhlachtaí poiblí sin le sonraí iontaofa maidir le caiteachais agus úsáid na meán.

Ina theannta sin, d'iarr OCT ábhair chruthaitheacha, amhail ábhar bolscaireachta ó fheachtais ar fud na meán éagsúil, ó na comhlachtaí poiblí ar fad.

Ceanglaíodh ar chomhlachtaí poiblí sonraí a chur isteach maidir lena ngníomhaíochtaí fógraíochta don bhliain féilire 2025, ag baint úsáide as na méadrachtaí atá leagtha amach sa tsamhail tomhais comhlíonta.

Tábla 2

Léiríonn Tábla 2 thíos na hathruithe agus an t-athrú ar chomhairle úsáide ó Eanáir 2026

Tomhas 20%	Tomhas	Cur síos
Meáin	**Sainmhíniú**	**Sonraí**
Fís ar éileamh (FAE)	Líon na rianta i mbliain ar leith.	Caithfear comhionannas measa a bheith ann agus ba chóir go mbeadh fógraí i nGaeilge chomh fada céanna leis na fógraí i mBéarla. Ina theannta sin, níor chóir míreanna Gaeilge a ualú go díréireach i dtreo ardáin lucht féachana/sroichte níos ísle.
Fógraíocht Lasmuigh (FL)	Líon iomlán na suíomhanna i mbliain ar leith. Maidir le formáidí digiteacha, déan iad a thiontú go coibhéisí suímh.	Caithfear comhionannas measa a chleachtadh trína mba chóir go mbeadh fógraí i nGaeilge ar an méid céanna agus ar shuíomhanna ar chaighdeán comhionann leo siúd i mBéarla.
Fuaim	Líon na rianta i mbliain ar leith.	Caithfear comhionannas measa a chleachtadh agus ba chóir go mbeadh fógraí i nGaeilge chomh fada céanna leis na fógraí sa Bhéarla. Ina theannta sin, níor chóir míreanna Gaeilge a ualú go díréireach i dtreo ardáin éisteachta níos ísle.
Clóite – preas/iris	Líon na n-iontrálacha preasa (fógraí preasa) i mbliain ar leith.	Caithfear comhionannas measa a chleachtadh trína mbeadh fógraí a chuirtear isteach i nGaeilge cosúil le méid an fhógra agus iad siúd i mBéarla. Ina theannta sin, níor chóir go ndéanfaí iontrálacha preasa Gaeilge a ualú go díréireach i dtreo foilseacháin ísealéilimh.

Tomhas 20%	Tomhas	Cur síos
Meáin	**Sainmhíniú**	**Sonraí**
Na meáin shóisialta	Líon iomlán na rianta i mbliain ar leith.	Caithfear comhionannas measa a chleachtadh agus ba chóir go mbeadh fógraí i nGaeilge den fhad nó den mhéid céanna leis na fógraí i mBéarla. Ina theannta sin, níor chóir fógraí Gaeilge a ualú go díréireach i dtreo ardáin lucht féachana/sroichte níos ísle.
Pictiúrlann	Líon na n-iontrálacha i mbliain ar leith.	Caithfear comhionannas measa a chleachtadh agus ba chóir go mbeadh fógraí i nGaeilge chomh fada céanna leis na fógraí sa Bhéarla.
Raidió	Líon na míreanna raidió i mbliain ar leith.	Caithfear comhionannas measa a chleachtadh agus ba chóir go mbeadh fógraí i nGaeilge ar an bhfad céanna leis na fógraí i mBéarla. Ina theannta sin, níor chóir míreanna Gaeilge a ualú go díréireach i dtreo stáisiúin a bhfuil lucht éisteachta níos lú acu nó amanna a mbíonn níos lú daoine ag éisteacht leis an raidió.
Taispeántais Dhigiteacha	Líon iomlán na rianta i mbliain ar leith.	Caithfear comhionannas measa a chleachtadh agus ba chóir go mbeadh fógraí i nGaeilge cosúil le méid an fhógra i mBéarla. Ina theannta sin, níor chóir fógraí Gaeilge a ualú go díréireach i dtreo ardáin a bhfuil lucht féachana/freastal níos ísle acu.
Teilifís	Líon na TVRanna i mbliain ar leith.	Caithfear comhionannas measa a chleachtadh agus ba chóir go mbeadh fógraí i nGaeilge chomh fada céanna leis na fógraí sa Bhéarla.

Raon Feidhme na hIniúchóireachta

Cuireann an tuarascáil seo torthaí iniúchta i láthair maidir le gníomhaíochtaí fógraíochta a rinne 401 comhlacht poiblí don bhliain féilire 2025. Rinne comhlachtaí poiblí féinthuairisciú ar a gcuid gníomhaíochtaí fógraíochta trí thairseach ar líne a chuimsigh an tsamhail tomhais comhlíonta thuasluaite. Rinne OCT na sonraí a chuir na comhlachtaí poiblí ar fáil a chros-seiceáil le sonraí fógraíochta ó Nielsen Ad Intel chun cruinneas cáilíochta na sonraí a chinntiú. Chuimsigh an t-iniúchadh seo níos mó ná 98% de na gníomhaíochtaí fógraíochta a rinne comhlachtaí poiblí i rith 2025.

Comhlachtaí Poiblí a Chatagóiriú

Rinneadh síneadh ar ghrúpaí na gcomhlachtaí poiblí ó trí go dtí cúig ghrúpa ar leith bunaithe ar a dtairseacha caiteachais fógraíochta, mar atá mionsonraithe i dTábla 3 thíos. Feidhmíonn an t-aicmiú seo ar dhá phríomhchuspóir: ar an gcéad dul síos, ceadaíonn sé comparáidí idir comhlachtaí poiblí a bhfuil buiséid fógraíochta comhchosúla acu, agus ar an dara dul síos, éascaíonn sé iniúchadh ar threochtaí comhlíonta. Léiríonn Tábla 3 freisin líon na gcomhlachtaí poiblí a thagann laistigh de na tairseacha caiteachais atá leagtha amach do gach catagóir. Cuireadh leis na catagóirí chun fógraíocht a rinneadh ach nár íocadh as a léiriú (Cat D) chomh maith leis na comhlachtaí poiblí sin nach ndearbhaíonn aon ghníomhaíocht fógraíochta ar chor ar bith (Cat E) a dhoiciméadú.

Tábla 3

Catagóir	Caiteachas ar Fhógraíocht	Líon na gComhlachtaí Poiblí
Catagóir A	≥ €750,000	24
Catagóir B	€250,000 - €749,000	46
Catagóir C	≤ €250,000	177
Catagóir D	€00 ach fógraíocht a dhéanamh ar a gcuid cainéal féin	16
Catagóir E	Ní dhéantar fógraíocht	138
Iomlán		**401**

D'fhonn comhlachtaí poiblí nach ndéanann fógraíocht a aithint, tá sé tábhachtach Catagóir E– 'Ní dhéanann Fógraíocht' – a áireamh. Déantar monatóireacht leanúnach ar gach comhlacht poiblí maidir le comhlíonadh Alt 10A.

Is iad na Comhlachtaí Poiblí atá faoi réir Alt 10A. na comhlachtaí sin atá forordaithe sa Chéad Sceideal d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, arna leasú. Is ar an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta atá freagrach as Comhlachtaí Poiblí a fhorordú faoin Acht agus as an gCéad Sceideal a leasú agus a athbhreithniú. Ceanglaítear le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 athbhreithniú a dhéanamh ar an gCéad Sceideal faoi Mhárta 2025 agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin. Níor foilsíodh aon leasuithe ar an gCéad Sceideal ó 2020 i leith, dá bhrí sin, níl aon athrú déanta ar liosta na gcomhlachtaí poiblí forordaithe ó shin.

3. TREOCHTAÍ AGUS LÉARGAIS

An Earnáil Fógraíochta in Éirinn

In 2025, mheas Onecore, an chuideachta cumarsáide margaíochta, gurb é €1.7 billiún an caiteachas iomlán measta ar fhógraíocht in Éirinn, méadú 3.8% ar chaiteachas 2024 de €1.5 billiún. Is ionann fógraíocht na hearnála poiblí a tuairiscíodh do OCT don bhliain seo agus €97.98m, arb ionann é agus 6% den chaiteachas fógraíochta go léir. Cé nach bhfuil sé ag teacht le fás in earnáil na fógraíochta i gcoitinne, tháinig méadú 4.9% ar chaiteachas comhlachtaí poiblí ar fhógraíocht in 2025 i gcomparáid le 2024, nuair a thit an caiteachas ó €97.3 in 2023 go €93.4 in 2024. Is féidir an laghdú seo a chur i leith feachtais fógraíochta a bhaineann le COVID-19 ag roinnt comhlachtaí poiblí, cúram sláinte agus údaráis áitiúla go háirithe.

Príomhthorthaí agus Treochtaí

A. Caiteachas Foriomlán ar Fhógraí ag Comhlachtaí Poiblí


Léiríonn Cairt A an caiteachas a rinne comhlachtaí poiblí ar fhógraíocht trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge don bhliain 2025.

Léiríonn na torthaí a thuairiscigh comhlachtaí poiblí gur:


- chaith comhlachtaí poiblí €98m san iomlán ar fhógraíocht in 2025.
- thuairiscigh comhlachtaí poiblí gur chaith siad €20.7m ar fhógraíocht i nGaeilge ar gach meán (Béarla agus Gaeilge)
  - ar caitheadh €6.3m de ar fhógraíocht ar na meáin Ghaeilge
  - agus caitheadh €14.4m ar fhógraíocht Ghaeilge ar na meáin Bhéarla
- chaith comhlachtaí poiblí €77.3 milliún ar fhógraíocht Bhéarla ar na meáin éagsúla in 2025.

Cairt A

Caiteachas Foriomlán Chomhlachtaí Poiblí ar Fhógraíocht ó 2023 €m



Caitheachas mar % ag Comhlachtaí Poiblí ar Fhógraíocht trí Bhéarla agus trí Ghaeilge don bhliain 2025



Tá méadú tagtha ar chaiteachas iomlán chomhlachtaí poiblí ar fhógraíocht (5%) ó €93.4m in 2024 go €98m in 2025.

Dá réir sin, measann OCT gur chéim an-dearfach é an méadú 19% ar chaiteachas ar fhógraíocht Ghaeilge in 2025 (€5.2m - €6.3m).

Ós rud é gur tháinig an fhoráil reachtach nua i bhfeidhm tar éis tréimhse réasúnta gearr, is ábhar misnigh d'OCT na torthaí dearfacha leanúnacha a tháinig chun cinn ó iniúchadh 2025. Tá a dtiomantas i leith Alt 10A. léirithe ag an gcuid is mó de na Comhlachtaí Poiblí chun na tairseacha 20% agus 5% a bhaint amach. Tá sé suntasach gur caitheadh níos mó ná €20.7m ar fhógraíocht Ghaeilge in 2025, arb ionann é agus níos mó ná 21% den aschur fógraíochta iomlán ó chomhlachtaí poiblí.

B. Comhlíonadh Tairseacha Reachtúla

Cuireann Alt 10A. (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, arna leasú, dualgas reachtúil ar chomhlachtaí poiblí sciar suntasach dá bhfógraíocht a dhéanamh i nGaeilge.

Forordaítear le halt 10A. go gcaithfidh comhlachtaí poiblí a chinntiú:

- gur i nGaeilge a bheidh 20 faoin gcéad ar a laghad d'aon fhógraíocht arna déanamh ag an gcomhlacht in aon bhliain, agus
- go ndéanfar 5 faoin gcéad ar a laghad d'aon airgead a chaithfidh an comhlacht ar fhógraíocht in aon bhliain a úsáid chun fógraíocht a chur amach i nGaeilge trí na meáin Ghaeilge.

Léirigh leibhéil chomhlíontachta ar fud na 401 comhlacht poiblí a ndearnadh iniúchadh orthu go raibh an dá thairseach reachtúla atá leagtha amach in alt 10A. á gcomhlíonadh.


Léiríonn na torthaí a thuairiscigh comhlachtaí poiblí don bhliain 2025 comhlíonadh foriomlán 21.1% agus 6.4% do na tairseacha reachtúla 20% agus 5% faoi seach atá leagtha amach in alt 10A. Léiríonn na torthaí seo comhsheasmhacht le sonraí 2024, a léirigh gur bhain comhlachtaí poiblí 20.2% den 20% den aschur fógraíochta i nGaeilge agus 5.5% den 5% den chaiteachas ar na meáin Ghaeilge amach do 2024 i gcomparáid le 15% den 20% agus 4% den 5% don bhliain 2023.

Taispeánann Cairt B na leibhéil chomhlíonta a baineadh amach ar fud comhlachtaí poiblí de réir chatagóir (A, B, C – leibhéil chaiteachais) maidir leis na tairseacha 5% agus 20%. Taispeánann Cairt C freisin an chaoi a ndéantar comparáid idir na leibhéil chomhlíonta do 2025, 2024 agus 2023 de réir chatagóir an chomhlachta phoiblí.

Cairt B

Leibhéil Chomhlíontachta de réir Chatagóir an Chomhlachta Phoiblí (tairseacha soláthair fógraíochta Gaeilge 5% agus 20%)

2025, 2024 & 2023



Príomhthátail

- Léiríonn na sonraí i gCairt B thuas gur shroich Comhlachtaí Poiblí Chatagóir A (caiteachas fógraíochta ≥ €750,000), ar an meán, an tairseach reachtúil riachtanach do na forálacha 5% (fógraíocht ar na meáin Ghaeilge) agus 20% (fógraíocht Ghaeilge ar gach meán) don chéad uair riamh. Is feabhas suntasach iad na torthaí a baineadh amach in 2025 ar fhigiúirí 2024 agus go deimhin ar fhigiúirí 2023.

- Arís don tairseach reachtúil 5%, bhain catagóirí A – C breis agus 3% amach i gCat B agus i gCat C araon. Is ionann an méadú sin agus caiteachas breise de €0.35m do na meáin Ghaeilge.
- D'éirigh níos fearr fós le comhlachtaí poiblí Chatagóir B (caiteachas fógraíochta €250,000 - €749,000) ná comhlachtaí poiblí Chatagóir A, toisc go raibh siad ag comhlíonadh an dá thairseach; is é seo a leanas an meánchéatadán fógraíochta i measc comhlachtaí poiblí sa chatagóir seo:
  - 25% i gcoinne na tairsí reachtúla 20%,
  - 8.6% i gcoinne na tairsí reachtúla 5%.

  Is ionann sin agus méadú suntasach €0.5m ar na meáin Ghaeilge in 2025, méadú 38.4%.
- Ba iad na meántorthaí foriomlána do chomhlachtaí Chatagóir C (caiteachas fógraíochta ≤ €250,000) na cinn is dearfaí, áfach, agus léirigh na torthaí:
  - 28.7% i gcoinne na tairsí reachtúla 20%,
  - 8.54% i gcoinne na tairsí reachtúla 5%.

  Is ionann sin agus caiteachas €1.13m ar na meáin Ghaeilge in 2025.

C. Caiteachas Fógraíochta na gComhlachtaí Poiblí

Cairt C

Caiteachas Iomlán Fógraíochta ag Comhlachtaí Poiblí (2025) (Fógraíocht Bhéarla agus Gaeilge)


Caiteachas ar Fhógraíocht Ghaeilge agus Bhéarla san Earnáil Phoiblí (2025)



Cairt D

Caiteachas Fógraíochta Béarla agus Gaeilge

	Caiteachas	Céatadán
Caiteachas Fógraíochta Béarla	€77.3m	78.9%
Caiteachas Fógraíochta Gaeilge (seachas na Meáin Ghaeilge)	€14.4m	14.7%
Caiteachas Fógraíochta ar na Meáin Ghaeilge	€6.3m	6.4%




Cairt E

Meáin in úsáid ag Comhlachtaí Poiblí (Fógraíocht Ghaeilge le haghaidh Forálacha 20% & 5%)

	2025
Preas	20%
Raidió	15%
Na Meáin Shóisialta – Íoctha	21%
Taispeántais Dhigiteacha	16%
Fuaim Dhigiteach	8%
Fógraíocht Lasmuigh	7%
Fís ar Éileamh	6%
Teilifís	5%
Pictiúrlann	2%



Meáin in úsáid ag Comhlachtaí Poiblí (Fógraíocht Ghaeilge le haghaidh Forálacha 20% & 5%) 2025, 2024 & 2023




Go háirithe, léiríonn an chomparáid idir úsáid na meán in 2025, 2024 agus 2023 an treocht go bhfuil fógraíocht ag aistriú chuig ardáin dhigiteacha, m.sh. méadú suntasach in úsáid na meán sóisialta.

Cairt F

Caiteachas Fógraíochta ag Comhlachtaí Poiblí (2025) (Catagóirí A, B & C) Forálacha 5% & 20%


Catagóir	Caiteachas ar Fhógraíocht	Líon na gComhlachtaí Poiblí
Catagóir A	≥ €750,000	24
Catagóir B	€250,000 – €749,000	46
Catagóir C	≤ €250,000	177




Cairt G

Caiteachas Fógraíochta de réir Chomhlachtaí Poiblí Chatagóir A (Soláthar 5%) (Céatadán den Chaiteachas Fógraíochta ar na Meáin Ghaeilge)


	2025	2024	2023
Caiteachas Iomlán	€63.4m	€61m	€71.6m
Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Bhéarla	**€60.1m**	€59m	€69.5m
Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Ghaeilge	**€3.3m**	€2.4m	€2.1m
% Caiteachas ar na Meáin Ghaeilge	5.23%	4%	3%



Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Ghaeilge (Catagóir A)




% Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Ghaeilge (Catagóir A)




Cairt H

Caiteachas Fógraíochta de réir Chomhlachtaí Poiblí Chatagóir B (Soláthar 5%) (Céatadán den Chaiteachas Fógraíochta ar na Meáin Ghaeilge)


	2025	2024	2023
Caiteachas Iomlán	€21.3m	€20m	€14.9m
Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Bhéarla	**€19.5m**	€18.7m	€13.9m
Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Ghaeilge	**€1.8m**	€1.3m	€1m
% Caiteachas ar na Meáin Ghaeilge	8.57%	6.5%	6%



Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Ghaeilge (Catagóir B)




% Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Ghaeilge (Catagóir B)




Cairt I

Caiteachas Fógraíochta de réir Chomhlachtaí Poiblí Chatagóir C (Soláthar 5%) (Céatadán den Chaiteachas Fógraíochta ar na Meáin Ghaeilge)


	2025	2024	2023
Caiteachas Iomlán	€13.6m	€12.2m	€10.7m
Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Bhéarla	**€12.1m**	€10.8m	€9.9m
Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Ghaeilge	**€1.13m**	€1.36m	€0.8m
% Caiteachas ar na Meáin Ghaeilge	8.54%	11.2%	7%



Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Ghaeilge (Catagóir C)



% Caiteachas: Fógraíocht ar na Meáin Ghaeilge (Catagóir C)



4. CEISTEANNA BREISE

Alt 10A. – Impleachtaí níos leithne maidir le cearta agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn

Roinneann na meáin, gréasán ollmhór ardán agus cainéal, eolas leis an bpobal ar go leor bealaí: sna nuachtáin, in irisleabhair, ar na meáin shóisialta, ar an raidió, ar an teilifís agus ar an idirlíon. Is foinse ríthábhachtach nuachta, siamsaíochta, oideachais agus cuideachta iad na meáin seo. An fhógraíocht a chuirtear os ár gcomhair gach lá ar na meáin éagsúla, téann sí i gcionn ar na roghanna a dhéanaimid agus ar ár samhlaíocht. Dá réir sin, tá tábhacht nach beag le teanga na fógraíochta.

Gné bhunúsach de bhrí agus de bheocht teanga go fadtréimhseach is ea a hinfheictheacht. Má chúngaítear teanga go dtí suíomhanna teoranta agus mura mbíonn sí le feiceáil agus le cloisteáil in áiteanna poiblí mar chuid de shaol laethúil pobail, ní bheidh rath uirthi. Léiríonn láithreacht na Gaeilge ar na mórmheáin agus san fhógraíocht nach cuid dár n-oidhreacht chultúrtha amháin í, ach gur teanga bheo bhisiúil comhaimseartha í, go bhfuil ról luachmhar aici i saol na linne seo agus a háit tuillte aici ann.

De thairbhe Alt 10A. agus laistigh de thréimhse réasúnta gearr, tá méadú suntasach tagtha ar infheictheacht na Gaeilge ar ardáin éagsúla, rud a chuidíonn go mór le cur chun cinn agus beocht na Gaeilge sa ghnáthshaol laethúil. Is céim thábhachtach chun tosaigh í láithreacht na Gaeilge san fhógraíocht chun bisiúlacht na Gaeilge mar theanga phobail a chinntiú go fadtréimhseach.

Caighdeáin Teanga i bhFógraíocht na Gaeilge

Mar ullmhúchán do thosach feidhme Alt 10A., d'eisigh OCT nótaí comhairleacha maidir le cur chun feidhme do gach comhlacht poiblí, ag cur béime ar an tábhacht a bhaineann le meas comhionann a thabhairt ar an dá theanga oifigiúla trí iad a úsáid ar ardchaighdeán.

I bhfianaise mhinicíocht na fógraíochta faoi alt 10A. agus líon na bhfógraí atá i gceist, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil líon na ngearán a fhaigheann OCT fós réasúnta íseal. Mar sin féin, déanann OCT monatóireacht ar chomhlíonadh Alt 10A., ag cinntiú bhfuil an Ghaeilge scríofa agus labhartha sna fógraí cruinn. Tháinig sé chun cinn i gcásanna áirithe nach raibh an Ghaeilge scríofa ná an fhoghraíocht ag an gcaighdeán a mbeifí ag súil leis ó chomhlachtaí poiblí. Cé gur féidir le comhlachtaí poiblí soláthraithe seachtracha a choimisiúnú d'fhonn cuidiú leo fógraíocht i nGaeilge a fhorbairt, a léiriú agus a scaipeadh, is ar an gcomhlacht poiblí féin atá an fhreagracht i gcónaí caighdeán agus cruinneas Gaeilge na bhfógraí a chinntiú. Dá réir sin, ba cheart do chomhlachtaí poiblí nósanna imeachta cuí a bheith i bhfeidhm acu lena chinntiú go bhfuil gach fógra cruinn, nádúrtha, oiriúnach don chomhthéacs agus go bhfuil an Ghaeilge atá ann ar ardchaighdeán sula bhfoilsítear nó sula gcraoltar é. Mura ndéantar amhlaidh, d'fhéadfadh go mbeadh gá an t-ábhar a cheartú nó a atáirgeadh, rud a chiallódh go mbeadh costais gan ghá i gceist.

Tá cruinneas i bhfógraíocht na Gaeilge ríthábhachtach, rud a léiríonn tiomantas don fheabhas teanga agus a chinntíonn go bhfuil an t-ábhar saor ó earráidí comhréire, gramadaí agus litrithe chomh maith le haird chuí a thabhairt freisin ar fhoghraíocht agus ar rithim na Gaeilge labhartha. Tá tábhacht ar leith leis seo i gcás fógraí Gaeilge a eascraíonn as aistriúchán ar ábhar a ullmhaíodh i mBéarla ar dtús. Trí thús áite a thabhairt do chruinneas teanga agus d'úsáid nádúrtha na Gaeilge, cinntíonn comhlachtaí poiblí go bhfuil an teanga a chuirtear os comhair an phobail nádúrtha, dea-chumtha, ag teacht le saíocht agus le gnásanna na teanga agus dá réir sin go mbíonn ard-chaighdeán Gaeilge ag gabháil leis an infheictheacht bhreise a thugtar di. Tá ról ríthábhachtach ag cainteoirí lánlíofa nádúrtha i gcothú na Gaeilge mar theanga bheo phobail, agus is mó an glacadh a bheidh acu le hábhar a chloíonn le gnásanna na teanga agus a léiríonn meas di. Ar an gcaoi sin, léiríonn comhlachtaí poiblí meas ar phobail Ghaeilge agus tá ról acu i gcothú agus buanú na Gaeilge mar theanga bheo phobail.

Cuireann úsáid chruinn nádúrtha na Gaeilge san fhógraíocht le corpas luachmhar d'úsáid chomhaimseartha na Gaeilge, a bheidh ina áis d'fhoghlaimeoirí agus do nuachainteoirí. Tá earnáil na fógraíochta ag déanamh monatóireacht ghníomhach ar an meadú atá ag teacht ar fhógraíocht i nGaeilge. Cé go n-aithnítear sa taighde atá déanta go bhfuil dúshláin ann ó thaobh inrochtaineachta de, is díol sásaimh na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an earnáil dul i ngleic leis na ceanglais reachtúla agus a ndualgais a chomhlíonadh.

Fardal na Meán Gaeilge

Forbairtí in Earnáil na Meán Gaeilge

Cuireann Alt 10A. iallach ar chomhlachtaí poiblí 5% ar a laghad dá mbuiséad fógraíochta bliantúil a chaitheamh ar na meáin Ghaeilge. Foráiltear le fo-alt 10A.(2)(b) gur meáin Ghaeilge aon mheáin ina bhfuil 50 faoin gcéad nó níos mó d'ábhar na meán sin trí mheán na Gaeilge.

Chun cabhrú le comhlachtaí poiblí ullmhú le haghaidh cur i bhfeidhm, d'fhoilsigh OCT liosta neamh-uileghabhálach de na meáin a mheastar a bheith faoi réim an tsainmhínithe atá forordaithe in alt 10A.(2)(b). Breithníonn OCT roinnt critéar agus measúnú á dhéanamh ar incháilitheacht lena gcur san áireamh i bhfardal na meán Gaeilge:

- struchtúr eagarthóireachta na meán/na seirbhíse
- struchtúr corparáideach na meán/na seirbhíse
- ábhar/seánraí na meán/na seirbhíse, mar shampla: Nuacht/Cúrsaí Reatha, Siamsaíocht, Spórt, Taisteal, srl.
- figiúirí díolacháin, sonraí úsáideoirí, liosta taighde lucht féachana na meán/seirbhíse
- nádúr tráthúil an ábhair, lena n-áirítear aon ró-spleáchas ar ábhar statach.

Tá an liosta neamh-uileghabhálach seo a leanas atá leagtha amach i dTábla 4 curtha ar fáil ag OCT do chomhlachtaí poiblí chun críche Alt 10A.(2)(b) agus tá sé faoi réir athraithe.

Tábla 4

Meáin	Soláthraí(í)
Seirbhísí Teilifíse	TG4
Seirbhísí Raidió	RTÉ Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life, Raidió Rí Rá
Preas	Comhar; Seachtain; An Timire; An Páipéar*; ExtraG Gach Seachtain*; Scéal*; Sobal*
Lasmuigh	OOH Gaeilge*
Fís ar Éileamh	TG4 – Bloc.ie & Molscéal.ie; Meoneile.ie; Tuairisc.ie – "Ar Fhaitíos Gur Chaill Tú É"*
Fuaim ar Éileamh	Seachtain – "Podchraoladh Seachtain"*; Podchraoladh "How To Gael"*; Tuairisc.ie – "An Pod Gaeilge"*, "An Pod Spórt"* & "Paiste Cainte le Helen"*
Ardáin/Léirithe Digiteacha	Tuairisc.ie; Nós.ie; Liathroidi.ie*; An Páipéar*; ExtraG.ie*; Scéal.ie*, irishtimes.com/gaeilge/scéal*
Meáin Shóisialta	Cogar.ie
Pictiúrlanna	Ní ann dóibh

*Ardáin meán a bunaíodh ó thosach feidhme Alt 10A. i mí Dheireadh Fómhair 2022

I measc na ndúshlán a chuir comhlachtaí poiblí áirithe in iúl don Oifig, sa chéad bhliain d'iniúchadh 2023 bhí an fardal teoranta meán Gaeilge a bhí ar fáil dóibh chun comhlíontacht a bhaint amach. Thuairiscigh siad go raibh spás teoranta sna meáin Ghaeilge óna bhféadfadh comhlachtaí poiblí spás fógraíochta a cheannach. Mar sin féin, tá ardáin mheán sóisialta nua tagtha chun cinn ó thosach feidhme Acht 10A., go háirithe ar líne agus sna meáin chlóite. Is céim dhearfach chun cinn é Cogar, ardán nua meán sóisialta agus aip phobail, atá dírithe go sonrach ar an nGaeilge, a chuireann le infheictheacht na Gaeilge ar na meáin shóisialta.

Monatóireacht ar Chomhlíonadh

Leanann OCT ag déanamh monatóireachta ar chomhlíonadh alt 10A. ag comhlachtaí poiblí agus tá tús curtha aige le hiniúchadh ar roinnt comhlachtaí poiblí sna catagóirí éagsúla. Cé go bhfuil an méadú ar leibhéil chomhlíonta in 2025, i gcomparáid le 2024, suntasach agus spreagúil, níor chomhlíon roinnt comhlachtaí poiblí a n-oibleagáidí faoin bhforáil go fóill.

Trí chaiteachas tuairiscithe a chros-seiceáil le sonraí ó fhoinse neamhspleách (Nielsen Ad Intel), tá OCT ag obair chun a chinntiú go dtuigeann agus go gcomhlíonann gach comhlacht poiblí a n-oibleagáidí faoin reachtaíocht sin go hiomlán. Déanann OCT monatóireacht freisin ar chaighdeán na fógraíochta ar fud ardáin na meán, agus nuair a fhaightear gearáin ón bpobal déantar athbhreithniú ar an bhfógraíocht ábhartha.

Tá OCT fós ar fáil chun comhairle a chur ar fáil do chomhlachtaí poiblí maidir lena ndualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, arna leasú, mar atá gach bliain. Chuidigh an tacaíocht agus an treoir a chuir OCT ar fáil do chomhlachtaí poiblí a gcomhlíontacht le hAlt 10A. a feabhsú agus leanfar leis ag obair le comhlachtaí poiblí chun cabhrú leo a ndualgais a chomhlíonadh.

Ní neart go cur le chéile.

www.coimisinéir.ie